

## Treoirínite do Thriú Páirtithe

*Na bearta nach mór a dhéanamh maidir le síntiúis agus le síntiúis thoirniscthe*



**Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí**  
**Standards in Public Office Commission**

**Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí**  
**6 Ardán Phort an Iarla**  
**Baile Átha Cliath 2**  
**D02 W773**

**Teileafón:** 01 6395666  
**Ríomhphost:** [info@sipo.ie](mailto:info@sipo.ie)  
**Suíomh gréasáin:** [www.sipo.ie](http://www.sipo.ie)  
**Twitter:** @SIPOIreland

**Nollaig 2023**

## Clár Ábhar

1. Réamhrá.....	3
2. Ról an duine fhreagraigh .....	4
3. Comhairle.....	5
4. Cumhachtaí Fiosrúcháin an Choimisiúin um Chaighdeáin .....	6
5. Cumhachtaí Imscrúdaithe an Choimisiúin um Chaighdeáin.....	7
6. Ceanglas ar thríú páirtí faisnéis a sholáthar don Choimisiún um Chaighdeáin nuair a fhaightear síntiús níos mó ná €100 .....	9
7. Cuntas Síntiús Polaitíochta .....	10
8. Teorainneacha maidir le Síntiús agus Síntiús Thoirmiscthe .....	11
<i>Síntiús anaithnid atá níos mó ná €100.....</i>	11
<i>Síntiús airgid os cionn €200.....</i>	11
<i>Síntiús os cionn €200 ó dheontóir corparáideach neamhchláraithe .....</i>	12
<i>Síntiús uasta ó dheontóir amháin .....</i>	13
<i>Síntiús Coigríche .....</i>	13
<i>Síntiús i bhfoirm criptea-airgeadra .....</i>	14
9. Cionta.....	15
10. Faisnéis maidir le sárú ar an Acht a thuairisciú.....	20
11. Mínithe.....	21

## 1. Réamhrá

- 1.1. Tá na treoirlínte seo do thríú páirtithe foilsithe ag an gCoimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí (“an Coimisiún um Chaighdeáin”) faoi alt 4(6)(a) den Acht Toghcháin 1997 (“an tAcht<sup>1</sup>”).
- 1.2. Ciallaíonn tríú páirtí aon duine aonair nó grúpa, seachas páirtí polaitíochta cláraithe, atá cláraithe i gClár na bPáirtithe Polaitíochta faoi Chaibidil 6 de Chuid 2 den Acht um Athchóiriú Toghcháin 2022, nó iarrthóir toghcháin, a ghlacann i mbliain féilire ar leith, síntiús chun críocha polaitíochta ar mó a luach ná €100.
- 1.3. Is é cuspóir na dtreoirlínte ná a chinntiú go gcuirtear tríú páirtithe ar an eolas faoi na céimeanna is gá dóibh a ghlacadh maidir le síntiúis a chlárú agus a nochtadh. Clúdaíonn na treoirlínte príomhcheanglais na reachtaíochta thuas maidir le:
  - faisnéis a sholáthar don Choimisiún um Chaighdeáin
  - síntiúis toirmisce
  - cuntas síntiús polaitíochta
  - cionta agus pionóis
- 1.4. Molann an Coimisiún um Chaighdeáin gur cheart do thríú páirtithe na treoirlínte a léamh ina n-iomláine.
- 1.5. Tá na Treoirlínte ina gceangal dlí. Mar sin féin, i gcás ina bhfuil neamhréireacht idir na treoirlínte agus an tAcht, is é an tAcht atá i réim.

---

<sup>1</sup> Tagraíonn tagairt don Acht don Acht Toghcháin 1997 arna leasú ag an Acht Toghcháin (Leasú) 1998, an tAcht um Thoghcháin Áitiúla (Síntiúis agus Caiteachas a Nochtadh), 1999, An tAcht Toghcháin (Leasú) 2001, an tAcht Rialtais Áitiúil 2001, an tAcht Toghcháin (Leasú) 2002, An tAcht Rialtais Áitiúil (Uimh. 2), 2003, An tAcht Toghcháin (Leasú) 2004, an tAcht Toghcháin (Leasú) 2005, an tAcht Toghcháin (Leasú) 2007, an tAcht Toghcháin (Leasú) 2009, an tAcht Airí agus Rúnaithe (Leasú) 2011, An tAcht Toghcháin (Leasú) 2011, An tAcht Toghcháin (Leasú) (Maoiniú Polaitíochta) 2012, Acht na Gaeltachta 2012, An tAcht Toghcháin, Rialtais Áitiúil agus Pleanála agus Forbartha 2013, An tAcht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil 2014, An tAcht um an gCúirt Achomhairc 2014, an tAcht Toghcháin (Leasú) 2015 agus an tAcht um Athchóiriú Toghcháin, 2022.

## 2. Ról an duine fhreagraigh

- 2.1. Ciallaíonn duine freagrach, i ndáil le tríú páirtí, an duine nó na daoine atá freagrach as ghnóthaí eagrúcháin, bainistíochta nó airgeadais an tríú páirtí.
- 2.2. I gcás ina bhfaigheann tríú páirtí síntiús ar mó a luach ná €100 agus sula dtabhaíonn sé aon speansais, ní mór don tríú páirtí ainm agus seoladh an duine fhreagraigh a chur in iúl don Choimisiún um Chaighdeáin (féach Caibidil 6 le haghaidh tuilleadh faisnéise). Is féidir fógraí a sheoladh trí ríomhphost chuig an gCoimisiún um Chaighdeáin ag [info@sipo.ie](mailto:info@sipo.ie).
- 2.3. Is cinneadh do gach tríú páirtí é cén duine ba chóir dóibh a ainmniú mar dhuine freagrach. Tá sé tábhachtach go mbeadh dóthain údaráis ag an té a ainmnítear laistigh den eagraíocht chun na hoibleagáidí a leagtar orthu leis an Acht a chomhlíonadh.
- 2.4. Ní éilíonn an tAcht go mbeadh cáilíochtaí gairmiúla ar leith ag an duine atá freagrach chun an ról a ghlacadh. Mar sin féin, ba cheart go mbeadh na scileanna agus an saineolas ábhartha ag an duine freagrach don ról, lena n-áirítear:
  - Tuiscint dhomhain ar an Acht; agus
  - Eolas críochnúil ar struchtúir an tríú páirtí
- 2.5. Forálann an tAcht do chionta áirithe ag daoine freagracha, agus do phionóis ghaolmhara, maidir le teip chun an tAcht a chomhlíonadh (féach Caibidil 9 Cionta).

### 3. Comhairle

- 3.1. Féadfaidh an Coimisiún um Chaighdeáin faoi alt 4(6)(b) den Acht comhairle a sholáthar maidir le comhlíonadh do dhaoine atá clúdaithe ag forálacha an Achta. Féadfar comhairle a lorg ón gCoimisiún um Chaighdeáin maidir le haon fhoráil den reachtaíocht nó maidir le cur i bhfeidhm na forála sin in aon imthosca ar leith. Má bhíonn aon amhras ar dhuine faoi ghné ar bith den reachtaíocht, ba cheart dó/di dul i dteagmháil leis an gCoimisiún um Chaighdeáin. Tugtar comhairle i scríbhinn, lena áirítear trí ríomhphost, nó trí fhreagra a thabhairt ar fhiosrúcháin teileafóin. Molann an Coimisiún um Chaighdeáin gur cheart comhairle a lorg láithreach má thagann ábhar chun cinn a bhfuil éiginnteacht ina leith. Trí sin a dhéanamh, is lú an seans go gcruthóidh an cheist fadhb níos déanaí.
- 3.2. Cuirtear comhairle ar fáil faoi rogha an Choimisiúin um Chaighdeáin. I measc na gcúinsí nach féidir comhairle a sholáthar tá:
- nuair nach bhfuil dóthain faisnéise ann chun an t-iarrthóir a chur ar an eolas;
  - i gcás ina mbaineann an t-iarratas ar chomhairle le hábhar atá lasmuigh de shaineolas an Choimisiúin um Chaighdeáin m.sh. ceisteanna cuntasáíochta.
  - i gcás ina mbaineann an t-iarratas ar chomhairle le hábhar atá á scrúdú ag an gCoimisiún um Chaighdeáin.
- 3.3. Ní mór do dhuine gníomhú de réir treoirlínte nó comhairle arna bhfoilsíú nó arna dtabhairt ag an gCoimisiún um Chaighdeáin mura rud é, dá ndéanfaí amhlaidh, go mbeadh foráil eile den Acht á sárú acu.

## 4. Cumhachtaí Fiosrúcháin an Choimisiúin um Chaighdeán

- 4.1. Féadfaidh an Coimisiún cibé fiosrúcháin is cuí leis a dhéanamh agus féadfaidh sé a cheangal ar aon duine aon fhaisnéis, doiciméad nó rud, atá i seilbh nó i soláthar an duine a theastaíonn uaidh chun a fheidhm a chomhlíonadh de réir na reachtaíochta, a thabhairt.
- 4.2. I gcás ina theipeann ar duine iarratas fiosrúcháin a chomhlíonadh laistigh de thréimhse ama réasúnach, féadfaidh an Coimisiún a ordú don duine déanamh de réir an fhiosrúcháin laistigh de thréimhse ama áirithe. Níl faisnéis arna soláthar mar chuid d'ordachán ó dhuine inghlactha in imeachtaí a thionscnaítear i gcoinne an duine sin mar gheall ar chion.
- 4.3. Is cion é teip chun treoir an Choimisiúin a chomhlíonadh.
- 4.4. I gcás ina gcúisítear duine sa chion as teip chun treoir ón gCoimisiún a chomhlíonadh, is cosaint é a thaispeáint nach raibh an fhaisnéis, an doiciméad nó an rud is ábhar don ordachán i seilbh nó faoina rialú ag an duine sin agus nach raibh sé indéanta le réasún dóibh an t-ordachán a chomhlíonadh.
- 4.5. Tá cumhachtaí fiosrúcháin an Choimisiúin ar leithligh ó chumhachtaí imscrúdaithe an Choimisiúin a dtugtar aghaidh orthu thíos.

## 5. Cumhachtaí Imscrúdaithe an Choimisiúin um Chaighdeán

5.1. Tráth scríofa na tuarascála seo, níl tús curtha le cumhachtaí imscrúdaithe an Choimisiúin mar atá leagtha amach i gcuid 4B den Acht agus mar atá leagtha amach thíos. Nuair a chuirfear tús leis, beidh feidhm ag na nithe seo a leanas.

5.1.1. I gcás ina gcreideann an Coimisiún le réasún go bhféadfadh codanna IV, V, VI nó IX den Acht a bheith sáraithe ag duine, féadfaidh an Coimisiún a ordú d'oifigeach údaraithe imscrúdú a dhéanamh.

5.1.2. Is é oifigeach údaraithe arna cheapadh ag an gCoimisiún a dhéanann imscrúduithe. Arna iarraidh sin, tabharfaidh oifigeach údaraithe cóip dá údarú do dhuine ar bith a ndéanann imscrúdú difear dó nó di.

5.1.3. Chun imscrúdú a dhéanamh:

5.1.3.1. Féadfaidh an t-oifigeach údaraithe a cheangal ar aon duine aon fhaisnéis nó míniú a sholáthar a theastaíonn uathu le réasún don imscrúdú.

5.1.3.2. Féadfaidh an t-oifigeach údaraithe a cheangal ar aon duine aon doiciméad nó aon rud eile a bhfuil rialú ag an duine air, nó a bhfuil rochtain ag an duine air, agus a theastóidh le réasún ón oifigeach údaraithe chun críocha an imscrúdaithe. Féadfaidh an t-oifigeach údaraithe aon doiciméad nó aon rud a thabharfar mar chuid den cheanglas seo a iniúchadh agus cóipeanna a thógáil de, nó sleachta a bhaint astu.

5.1.3.3. Féadfaidh an t-oifigeach údaraithe a cheangal ar aon duine freastal os a gcomhair chun ceisteanna a fhreagairt, agus dearbhú a thabhairt i dtaobh fhírinne na bhfreagraí ar na ceisteanna don imscrúdú.

5.1.3.4. Le toiliú an áititheora nó de bhun barántas faoi alt 4B(6) den Acht, féadfaidh an t-oifigeach údaraithe dul isteach agus cuardach a dhéanamh ar aon áitreabh ar no i, ina gcreideann sé le réasún go bhfuil aon doiciméad nó rud eile ann a fhéadfaidh siad a éileamh a bheith ann go réasúnta don imscrúdú. Féadfaidh an t-oifigeach údaraithe cigireacht a dhéanamh agus cóipeanna a thógáil de, nó sleachta as, aon doiciméad

nó rud eile a fhaightear ar chuardach. Féadfaidh comhalta den Gharda Síochána a bheith in éineacht leis an oifigeach údaraithe más gá.

- 5.1.3.5. Féadfaidh an t-oifigeach údaraithe a cheangal ar dhuine aon doiciméid a thabharfar ar aird nó a gheofar amhlaidh a chur ar fáil i bhfoirm inléite.
- 5.1.3.6. Féadfaidh an t-oifigeach údaraithe a cheangal ar dhuine cibé cúnaimh a theastóidh le réasún le haghaidh an imscrúdú a thabhairt dóibh agus cibé saoráidí réasúnacha a chur ar fáil don oifigeach údaraithe is gá chun a chumhachtaí nó a cumhachtaí a fheidhmiú.
- 5.1.3.7. Féadfaidh an Coimisiún a údarú don oifigeach údaraithe tuarascálacha eatramhacha a thabhairt don Choimisiún.
- 5.1.3.8. A luaithe is indéanta tar éis an t-imscrúdú a thabhairt chun críche, ullmhóidh an t-oifigeach údaraithe tuarascáil ar thorthaí agus ar chúiseanna a sholáthrófar don Choimisiún.
- 5.1.3.9. Breithneoidh an Coimisinéir ar an dtuarascáil agus má bhíonn sé sásta gur sáraíodh an tAcht, féadfaidh sé imeachtaí achoimre a thionscnamh i leith ciona faoin Acht (léigh Cionta thíos le do thoil).



## 6. Ceanglas ar thríú páirtí faisnéis a sholáthar don Choimisiún um Chaighdeáin nuair a fhaightear síntiús níos mó ná €100

6.1. Ní mór do thríú páirtí, ar shíntiús níos mó ná €100 a fháil, agus sula dtabhaíonn sé aon speansais chun críocha polaitíochta, nó aon speansais bhreise den sórt sin, ráiteas a thabhairt don Choimisiún um Chaighdeáin:

- ainm agus seoladh an tríú páirtí agus ainm agus seoladh an duine atá freagrach as a ghnóthaí eagrúcháin, bainistíochta nó airgeadais ("duine freagrach"),
- ráiteas ar chineál, ar chuspóir agus ar mhéid measta na síntiús don tríú páirtí, agus na speansais bheartaithe, i rith na bliana, agus
- léiriú ar aon bhaint a d'fhéadfadh a bheith ag an tríú páirtí le haon pháirtí polaitíochta nó iarrthóir ag toghchán nó reifreann nó eile.

6.2. Ní cheanglaítear ar “tríú páirtí” sonraí na síntiús iarbhír a fuarthas ná na speansais iarbhír a tabhaíodh a nochtadh.

## 7. Cuntas Síntiús Polaitíochta

- 7.1. Sa chás go bhfaigheann tríú páirtí síntiús airgid os cionn €100 ní mór dó:
- cuntas a oscailt agus a chothabháil in institiúid airgeadais sa Stát;
  - an síntiús agus aon síntiúis airgid ina dhiaidh sin a thaisceadh sa chuntas.
- 7.2. Tráth nach déanaí ná an 31ú Márta gach bliain, ceanglaítear ar dhuine freagrach an tríú páirtí ráiteas ón institiúid airgeadais inar osclaíodh an cuntas a thabhairt don Choimisiún um Chaighdeáin. Ní mór na hidirbhearta a tharla maidir leis an gcuntas le linn na bliana roimhe sin a shonrú sa ráiteas.
- 7.3. Ní mór don duine freagrach freisin deimhniú a thabhairt don Choimisiún um Chaighdeáin á rá gur taisceadh gach síntiús airgid a fuair an tríú páirtí i rith na bliana roimhe sin sa chuntas agus gur úsáideadh na suimeanna go léir a baineadh as an gcuntas chun críocha polaitíochta.
- 7.4. Nuair a bheidh an deimhniú á chur ar fáil beidh ar an duine freagrach Dearbhú Reachtúil a chomhlánú freisin go bhfuil an deimhniú, chomh fada agus is eol don duine, ceart i ngach gné ábhartha agus go bhfuil gach beart réasúnach déanta ag an duine chun é/í féin a shásamh maidir le cruinneas an deimhnithe.
- 7.5. Ní cheanglaítear ar thríú páirtí tuairisceáin a sholáthar don Choimisiún um Chaighdeáin maidir le haon bhliain mura bhfuair sé síntiús chun críocha polaitíochta sa bhliain roimhe sin agus/nó mura bhfuil aon dochar faighte aige óna chuntas síntiús polaitíochta sa bhliain sin.
- 7.6. Foilseoidh an Coimisiún ina thuarascáil bhliantúil liosta de na tríú páirtithe a chuir tuairisceáin isteach don bhliain roimhe sin.
- 7.7. Eiseoidh an Coimisiún um Chaighdeáin foirm um Dheimhniú Síntiús Airgid/Dearbhú Reachtúil chuig an duine freagrach chun na críche sin. Ní fhoilseoidh an Coimisiún aon tuairisceáin a bheidh curtha isteach ag tríú páirtí.

## 8. Teorainneacha maidir le Síntiúis agus Síntiúis Thoirmiscthe

### *Síntiúis anaithnid atá níos mó ná €100*

- 8.1. Ní fhéadfaidh tríú páirtí glacadh le síntiúis anaithnid atá luach níos mó ná €100 aige. Tá síntiúis anaithnid mura bhfuil ainm agus seoladh an tsíntiúsora ar eolas ag an tríú páirtí lena mbaineann. I gcás ina ndéanann Idirghabhálaí síntiúis, is gá ainm agus seoladh an tsíntiúsora bhunaidh. Má fhaightear síntiúis den sórt sin, ní mór don tríú páirtí fógra i scríbhinn a thabhairt don Choimisiún um Chaighdeáin laistigh de 14 lá ón síntiús a fháil agus an síntiús, nó a luach, a chur ar ais chuig an gCoimisiún um Chaighdeáin. Ní mór don Choimisiún um Chaighdeáin cóip de gach fógra den sórt sin a fhaightear a chur faoi bhráid dhá Theach an Oireachtais.
- 8.2. I gcás ina bhfuil tríú páirtí ag glacadh le síntiúis trí shuíomh gréasáin, ní mór don duine freagrach a chinntiú gur féidir leis/léi foinse an tsíntiúis a shainaithint i gceart agus nach bhfuil cosc air/uirthi glacadh le síntiús ón síntiúsóir.
- 8.3. Molann an Coimisiún, má tá tríú páirtí ag baint úsáide as seirbhís slua-mhaoinithe, gur cheart go mbeadh sé soiléir do shíntiúsóirí nach gceadaítear glacadh le síntiúis thoirmiscthe. Féadfaidh an duine freagrach iarracht a dhéanamh oibriú leis an tseirbhís chun bearta a chur i bhfeidhm chun tacú leis seo.

### *Síntiúis airgid os cionn €200*

- 8.4. Ní fhéadfaidh tríú páirtí glacadh le síntiús airgid os cionn €200. Tá sé tábhachtach chun críocha cloí leis an uasteorainn glactha go bhfuil córas i bhfeidhm ag an duine atá freagrach a chomhiomlánóidh gach síntiús ón síntiúsóir céanna (le cárta creidmheasa, cárta dochair srl.) agus/nó a fhaightear ar bhealaí eile.
- 8.5. Má fhaightear síntiús den sórt sin, ní mór don tríú páirtí, laistigh de 14 lá ón síntiús a fháil, an síntiús a thabhairt ar ais don deontóir nó más síntiús airgid é, an chuid de a sháraíonn an teorainn agus taifead scríofa a choinneáil ar an tuairisceán chun é a chur ar fáil don Choimisiún um Chaighdeáin. Mar mhalairt air sin, ní mór don tríú páirtí, laistigh de cheithre lá dhéag tar éis é a fháil, fógra a thabhairt don Choimisiún um Chaighdeáin go

bhfuair siad an síntiús nó, más síntiús airgid é, an chuid de a sháraíonn an teorainn a chur ar aghaidh chuig an gCoimisiún um Chaighdeáin.

- 8.6. Ní fhorordaítear san Acht cé chomh fada agus is ceart don tríú páirtí na taifid a choinneáil maidir leis an síntiús a thabhairt ar ais. Molann an Coimisiún um Chaighdeáin, áfach, gur cheart taifid a choinneáil ar feadh 6 bliana ar a laghad.

### *Síntiús os cionn €200 ó dheontóir corparáideach neamhchláraithe*

- 8.7. Ní fhéadfaidh tríú páirtí glacadh le síntiús ar mó a luach ná €200 ó dheontóir corparáideach mura bhfuil an deontóir corparáideach cláraithe i gClár na nDeontóirí Corparáideacha arna chothabháil ag an gCoimisiún agus go ndéantar ráiteas thar ceann an deontóra corparáideach (agus má thugtar an síntiús don deontóir) á dhearbhu gur cheadaigh an deontóir corparáideach tabhairt an tsíntiúis<sup>2</sup>. Ní mór dearbhú reachtúil a bheith ag gabháil leis an ráiteas go bhfuil an ráiteas ceart i ngach gné ábhartha de réir mar is eol don duine lena mbaineann agus go bhfuil gach gníomh réasúnach déanta ag an duine chun iad féin a shásamh maidir leis an cruinneas an ráitis. I gcás cuideachta, ba chóir go ndéanfadh stiúrthóir nó oifigeach eile de chuid na cuideachta an ráiteas agus an dearbhú reachtúil. I gcás comhlachta chorpraithe seachas cuideachta nó comhlacht neamhchorpraithe daoine, ba cheart d'oifigeach nó d'aon duine atá ag comhlíonadh feidhmeanna oifigigh de chuid an chomhlachta an ráiteas agus an dearbhú a sholáthar. Más iontaobhas é an deontóir corparáideach, ba cheart d'iontaobhaí an iontaobhais an ráiteas agus an dearbhú a sholáthar.
- 8.8. Má fhaightear síntiús den sórt sin, ní mór don tríú páirtí, laistigh de 14 lá ón síntiús a fháil, an síntiús a thabhairt ar ais nó más síntiús airgid é, an chuid de a sháraíonn an teorainn don deontóir agus taifead scríofa a choinneáil chun é a chur ar fáil don Choimisiún um Chaighdeáin, más gá. Mar mhalairt air sin, ní mór do thríú páirtí, laistigh de cheithre lá dhéag tar éis é a fháil, fógra a thabhairt don Choimisiún um Chaighdeáin go bhfuarthas an síntiús agus an síntiús a thabhairt ar ais nó, más síntiús airgid é, an chuid de a sháraíonn an teorainn a chur ar aghaidh chuig an gCoimisiún um Chaighdeáin.

---

<sup>2</sup> Ciallaíonn ceadaithe ag an Deontóir Corparáideach

a. go ndearnadh cruinniú ginearálta, arb é ceann dá chuspóirí breithniú a dhéanamh ar shíntiús a thabhairt, a gairmthe agus stiúrtha go cuí agus gur tugadh faomhadh chun an síntiús a thabhairt i gcomhréir leis na rialacha (i scríbhinn nó nach ea) a rialaíonn riaradh agus rialú an deontóra corparáideach lena mbaineann agus a rialóidh a ghníomhaíochtaí agus áireofar sna rialacha sin:

i. i gcás cuideachta, meabhrán agus airteagail na cuideachta,

ii. i gcás comhlachta chorpraithe seachas cuideachta, an chairt, an reacht, nó ionstraim eile dá shamhail lena mbunaítear é,

iii. i gcás comhlachta neamhchorpraithe daoine, rialacha an chomhlachta,

b. go ndéanann iontaobhaí síntiús i gcomhréir leis an ngníomhas iontaobhais lena mbunaítear an t-iontaobhas lena mbaineann cén gníomhas iontaobhais a cheadaíonn síntiús den sórt sin a dhéanamh

- 8.9. Ní fhorordaítear san Acht cé chomh fada agus is ceart do thríú páirtí na taifid a choinneáil maidir leis an síntiús a thabhairt ar ais. Molann an Coimisiún um Chaighdeáin, áfach, gur cheart taifid a choinneáil ar feadh 6 bliana ar a laghad.

#### *Síntiús uasta ó dheontóir amháin*

- 8.10. Is é €2,500 uasluach an síntiús nó na síntiús a fhéadfaidh tríú páirtí a ghlacadh ón deontóir céanna sa bhliain féilire chéanna, go díreach nó trí idirghabhálaí. I gcás ina ndéanann deontóir níos mó ná síntiús amháin a thabhairt do thríú páirtí i mbliain ar leith, ní mór luachanna na síntiús a chomhiomlánú chun an uasteorainn a urramú.
- 8.11. Ba chóir a thabhairt faoi deara go bhfuil an dualgas ar dhuine a ghlacann le síntiús seiceáil leis an deontóir agus/nó leis an duine atá freagrach nach dtabharfaidh glacadh leis an síntiús suim iomlán na síntiús a fhaigheann an tríú páirtí ón deontóir thar an uasteorainn fhorordaithe. Más dócha go dtabharfaidh an síntiús atá á thairiscint luach comhiomlán na síntiús a fhaigheann an tríú páirtí ón deontóir céanna thar an teorainn €2,500, Ní mór an síntiús, nó an chuid sin de shíntiús airgid a d'fhágfadh go sárófaí an teorainn a dhiúltú.
- 8.12. Má fhaigheann tríú páirtí síntiús ar mó a luach ná €2,500, ní mór don tríú páirtí an síntiús, laistigh de cheithre lá dhéag tar éis é a fháil, a thabhairt ar ais don deontóir nó, más síntiús airgid é, ní mór an chuid de a sháraíonn an teorainn a thabhairt ar ais chuig an deontóir. Ní mór taifead scríofa de seo a choinneáil chun é a chur ar fáil don Choimisiún um Chaighdeáin, más gá. Mar mhalairt air sin, ní mór don tríú páirtí, laistigh de cheithre lá dhéag tar éis é a fháil, fógra a thabhairt don Choimisiún um Chaighdeáin go bhfuarthas an síntiús agus an síntiús nó a luach a tharchur chuig an gCoimisiún um Chaighdeáin. I gcás síntiús airgid, ní mór an chuid de a sháraíonn an teorainn a thabhairt ar ais.
- 8.13. Ní fhorordaítear san Acht cé chomh fada agus is ceart do thríú páirtí na taifid a choinneáil maidir leis an síntiús a thabhairt ar ais. Molann an Coimisiún um Chaighdeáin, áfach, gur cheart taifid a choinneáil ar feadh 6 bliana ar a laghad.

#### *Síntiús Coigríche*

- 8.14. Tá an dualgas ar an duine a ghlacann leis an síntiús cibé fiosrúcháin is gá a dhéanamh agus aon fhianaise chomhthacaíoch a fháil a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil chun a bheith sásta nach bhfuil cosc air/uirthi síntiús a ghlacadh ón duine lena mbaineann. Féadfaidh an Coimisiún um Chaighdeáin fianaise a éileamh go gceadaítear do thríú páirtí glacadh le síntiús ó dheontóir ar leith.
- 8.15. Ní fhéadfaidh tríú páirtí glacadh le síntiús, d'aon luach, ó dhuine aonair (seachas saoránach Éireannach) a chónaíonn lasmuigh d'oileán na hÉireann. Mar an gcéanna, ní fhéadfar aon síntiús, d'aon luach, a ghlacadh ó chomhlacht corpraithe nó ó chomhlacht

neamhchorpraithe daoine nach gcoimeádan oifig ar oileán na hÉireann óna ndéantar ar a laghad ceann amháin dá phríomhghníomhaíochtaí.

- 8.16. I gcás ina bhfaightear síntiús coigríche toirmiscithe den sórt sin, ba cheart don fhaighteoir, laistigh de 14 lá, an síntiús a thabhairt ar ais chuig an deontóir agus taifead scríofa a choinneáil de seo chun é a chur ar fáil don Choimisiún um Chaighdeáin, más gá. Mar mhalairt air sin, ba cheart don fhaighteoir, laistigh de 14 lá, fógra a thabhairt don Choimisiún um Chaighdeáin agus an síntiús, nó a luach, a thabhairt ar ais chuig an gCoimisiún um Chaighdeáin. Ní fhorordaíonn an tAcht cé chomh fada agus is ceart do pháirtí polaitíochta na taifid a choinneáil. Molann an Coimisiún um Chaighdeáin, áfach, gur cheart taifid a choinneáil ar feadh 6 bliana ar a laghad.

#### *Síntiús i bhfoirm cripteá-airgeadra*

- 8.17. Ní fhéadfaidh tríú páirtí glacadh le síntiús, d'aon luach, i bhfoirm cripteá-airgeadra.
- 8.18. Má fhaightear síntiús den sórt sin, ba cheart don fhaighteoir, laistigh de 14 lá, an síntiús a thabhairt ar ais chuig an deontóir agus taifead scríofa a choinneáil chun é a chur ar fáil don Choimisiún um Chaighdeáin, más gá. Mar mhalairt air sin, ba cheart don fhaighteoir, laistigh de 14 lá, fógra a thabhairt don Choimisiún um Chaighdeáin agus an síntiús, nó a luach, a thabhairt ar ais chuig an gCoimisiún um Chaighdeáin. Ní fhorordaíonn an tAcht cé chomh fada agus is ceart do pháirtí polaitíochta na taifid a choinneáil. Molann an Coimisiún um Chaighdeáin, áfach, gur cheart taifid a choinneáil ar feadh 6 bliana ar a laghad.

## 9. Cionta

9.1. Faoi láthair, beidh an duine atá freagrach as tríú páirtí ciontach i gcion más rud é—

- (a) go theipeann orthu fógra a thabhairt don Choimisiún um Chaighdeáin i gcás inarb infheidhme maidir le glacadh le síntiús toirmisceithe san ábhar a shonraítear in ailt 23, 23A nó 23AA den Acht (atá leagtha amach i gCaibidil 8 thuas freisin).
  - Tarlóidh cion nuair a theipeann ar an duine atá freagrach fógra a thabhairt don Choimisiún um Chaighdeáin laistigh de 14 lá tar éis é a fháil.
- (b) go theipeann orthu síntiús den sórt sin, nó cuid de, de réir an mhodha a shonraítear in alt 23, 23A, nó 23AA (atá leagtha amach i gCaibidil 8 thuas freisin) nó go theipeann orthu an síntiús nó an chuid is mó ná an teorainn a thabhairt ar ais don deontóir; nó chuig an gCoimisiún um Chaighdeáin (de réir mar is infheidhme). Mar shampla, d'fhéadfadh cion tarlú
  - mura n-íoctar an síntiús laistigh de 14 lá nó má fhaightear é;
  - nuair is infheidhme, ní choinnítear taifead scríofa den tuairisceán chuig an deontóir.
- (c) go theipeann orthu na doiciméid reachtúla a éilítear i ndáil leis an gCuntas Síntiús Polaitíochta a chur ar ais chuig an gCoimisiún um Chaighdeáin ar an modh a shonraítear in alt 23B den Acht (féach Caibidil 7 thuas). Mar shampla, d'fhéadfadh cion tarlú nuair a
  - ní sholáthraítear an ráiteas forais arna shonrú ag an gCoimisiún um Chaighdeáin ar an 31ú Márta den bhliain sin nó roimhe;
  - ní shonraítear sa ráiteas forais a cuireadh ar fáil an t-idirbheart a rinneadh sa bhliain roimhe sin;
  - ní sholáthraítear an deimhniú síntiús airgid ar nó roimh an 31ú Márta na bliana sin; nó
  - ní sholáthraítear an dearbhú reachtúil ar nó roimh an 31ú Márta na bliana sin.
- (d) doiciméid a cheanglaítear faoi alt 23B atá bréagach nó míthreorach in aon bhealach ábhartha a thabhairt go feasach (féach Caibidil 7 thuas);

- (e) go theipeann orthu faisnéis a sholáthar don Choimisiún um Chaighdeáin a luaithe is féidir tar éis dó síntiús chun críocha polaitíochta os cionn €100 a fháil mar thríú páirtí mar a cheanglaítear faoi alt 23C den Acht (féach Caibidil 6 thuas).

9.2. Ar thosach feidhme alt 187 den Acht um Athchóiriú Toghcháin 2022, beidh na nithe seo a leanas ina gcion ar leith faoin Acht freisin.

- (a) teip chun fógra a thabhairt don Choimisiún um Chaighdeáin go bhfuarthas síntiús toirmisceithe (féach Caibidil 9 thuas);
- (b) teip chun síntiús toirmisceithe a chur ar aghaidh chuig an deontóir nó chuig an gCoimisiún um Chaighdeáin de réir mar is infheidhme (féach Caibidil 9 thuas);
- (c) teip chun na doiciméid riachtanacha a éilítear i ndáil leis an gCuntas Síntiús Polaitíochta a chur ar ais chuig an gCoimisiún chuig an gCoimisiún (féach Caibidil 8 thuas);
- (d) teip chun faisnéis a sholáthar don Choimisiún um Chaighdeáin a luaithe is féidir tar éis dó síntiús chun críocha polaitíochta os cionn €100 a fháil mar thríú páirtí mar a cheanglaítear faoi alt 23C den Acht (féach Caibidil 7 thuas).

9.3. Beidh sé ina chosaint ar imeachtaí i leith aon cheann de na cionta thuas gur féidir leis an duine freagrach a thaispeáint go ndearna sé nó sí gach beart réasúnach chun déanamh aon chion a sheachaint.

9.4. Ag an am seo, ní féidir imeachtaí i leith aon cheann de na cionta seo a thionscnamh ach amháin ag an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí nó le toiliú an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí. Ar thosach feidhme alt 187 den Acht um Athchóiriú Toghcháin 2022, féadfaidh an Coimisiún um Chaighdeáin imeachtaí a choimre a thionscnamh agus a ionchúiseamh.

9.5. Aon duine atá ciontach i gcion dlífeair, ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil a chur orthu. Aon duine atá ciontach i gcion as faisnéis bhréagach nó mhíthreorach a sholáthar go feasach don Choimisiún um Chaighdeáin (féach 9.1. (d) thuas) dlífeair, ar é nó í a chiontú ar díotáil, fíneáil agus/nó príosúnacht suas le trí bliana a chur air nó uirthi.

Ar thosach feidhme alt 193 den Acht um Athchóiriú Toghcháin 2022, féadfaidh an Coimisiún um Chaighdeáin “fógra pionós socraithe” a sheirbheáil mar aon le híocaíocht sheasta €200 ar dhuine a bhfuil cion déanta acu atá leagtha amach ag 9.1(c). I gcás ina seirbheálfar fógra pionós socraithe ar dhuine, ní thionscnófar aon ionchúiseamh i leith an



chiona má dhéantar íocaíocht ar an dáta a shonrófar san fhógra pionós socraithe nó roimhe.

## Faisnéis úsáideach

Luach an tsíntiúis	Is é glanluach an tsíntiúis (ó imeachtaí tiomsú airgid, etc.) a chinneann cé acu is gá nó nach gá é a nochtadh. <b>Alt 22(2)(vi) agus Alt 46(2)(a)(vi)</b>
€100	Ní fhéadfar glacadh le síntiús gan ainm os cionn na suime seo in aon bhliain féilire. <b>Alt 23(1) agus Alt 47(1)</b>
€100	Ar shíntiús den luach sin a fháil, ní mór do TD, do Sheanadóir, do FPE, d'iarrthóir i dtoghchán Dála, Seanaid nó Eorpach, d'iarrthóir Uachtaráin/do ghníomhaire toghcháin Uachtaránachta, do pháirtí polaitíochta, d'aonaid chuntasaíochta de chuid páirtí polaitíochta (e.g. craobhacha, cumainn, Comhairlí Dáilcheantair nó aon fho-aonad eile) nó do thríú páirtí cuntas síntiúis polaitíochta a oscailt (mura bhfuil ceann ar oscailt cheana féin). <b>Alt 23B(1) agus Alt 48B(1)</b>
€200	An síntiús uasta airgid thirim a bhféadfaidh TD, Seanadóir, FPE, iarrthóir i dtoghchán Dála, Seanaid nó Eorpach, iarrthóir Uachtaráin/gníomhaire toghcháin Uachtaránachta, páirtí polaitíochta, d'aonaid chuntasaíochta de chuid páirtí polaitíochta, nó tríú páirtí glacadh leis ó shíntiúsóir in aon bhliain féilire. <b>Alt 23A(1)(iii) agus Alt 48A(1)(iii)</b>
€200	An síntiús uasta a bhféadfaidh TD, Seanadóir, FPE, iarrthóir i dtoghchán Dála, Seanaid nó Eorpach, iarrthóir Uachtaráin/gníomhaire toghcháin Uachtaránachta, páirtí polaitíochta, fo-aonad de chuid páirtí polaitíochta nó tríú páirtí glacadh leis ó shíntiúsóir corparáideach in aon bhliain féilire, <b>ach amháin</b> sa chás go bhfuil an síntiúsóir corparáideach cláraithe ar an gClár de Shíntiúsóirí Corparáideacha atá á choinneáil ag an gCoimisiún <b>agus</b> go ndéantar ráiteas thar ceann an tsíntiúsóra chorparáidigh lena ndeimhnítear gur cheadaigh an síntiúsóir corparáideach an síntiús a chur faoi bhráid an fhaighteora síntiúis in éineacht leis an síntiús. <b>Alt 23AA(1)(i) agus (ii) agus Alt 48AA(1)(i) agus (ii)</b>
€200	An síntiús comhiomlán uasta a fhéadfaidh cuideachta, ceardchumann, cumann nó cumann foirgníochta a thabhairt sula dtuairisceofar é i
€600	dtuairisceáin bhliantúla arna ndéanamh faoi Acht na gCuideachtaí, 1963, nó do Chláraitheoir na gCara-chumann nó do thuarascáil de chuid cumann foirgníochta (faoi Acht Cumann Foirgníochta, 1989). <b>Alt 26</b>
€1,000	Ní mór gach síntiús os cionn na suime seo a fhaigheann TD, Seanadóir, FPE, iarrthóir i dtoghchán Dála, Seanaid nó Eorpach, iarrthóir Uachtaráin/gníomhaire toghcháin Uachtaránachta a nochtadh ar an Ráiteas Síntiúis. <b>Alt 24(4) agus Alt 48(1)</b>
€1,500	An síntiús uasta a bhféadfaidh TD, Seanadóir, FPE, iarrthóir i dtoghchán Dála, Seanaid nó Eorpach, nó iarrthóir Uachtaráin/gníomhaire toghcháin Uachtaránachta glacadh leis ó dhuine aonair nó ó shíntiúsóir corparáideach cláraithe in aon bhliain féilire. <b>Alt 23A(1)(i) agus Alt 48A(1)(i)</b>
€1,500	Ní mór gach síntiús os cionn na suime seo a fhaigheann páirtí polaitíochta a nochtadh ar an Ráiteas Síntiúis. <b>Alt 24(4)</b>
€2,500	An tairseach tuairiscithe/an tsuim chomhiomlán uasta a fhéadfaidh síntiúsóir a thabhairt do roinnt iarrthóirí éagsúla ón bpáirtí céanna nó amháin nó níos mó comhaltaí páirtí agus don pháirtí féin in aon bhliain féilire sula gceanglófar ar an síntiúsóir ráiteas síntiúis a chur isteach. <b>Alt 24(1A)(a)</b>
	An síntiús uasta a bhféadfaidh páirtí polaitíochta, d'aonaid chuntasaíochta de chuid páirtí polaitíochta nó tríú páirtí glacadh leis ó dhuine aonair nó ó shíntiúsóir corparáideach cláraithe in aon bhliain féilire. <b>Alt 23A(1)(ii) agus Alt 48A(1)(ii)</b>

## Dátaí abhartha

Dáta	Tréimhse Ábhartha
<b>1ú Eanáir – 31ú Nollaig na bliana roimhe sin</b>	Tréimhse ábhartha chun (a) a mheas an Tríú Páirtí an eagraíocht (b) an tréimhse ar cheart faisnéis ábhartha a chur ar aghaidh chuig an gCoimisiún um Chaighdeán ina leith
<b>31ú Márta gach bliain</b>	An dáta faoina gcaithfear Deimhniú Síntiús Airgid (DSA) agus Ráitis Bhainc a chur ar fáil don Choimisiún um

## 10. Faisnéis maidir le sárú ar an Acht a thuairisciú

- 10.1. Más mian le duine faisnéis a sholáthar don Choimisiún maidir le sárú féideartha ar an Acht, féadfaidh sé/sí é sin a dhéanamh trí theagmháil a dhéanamh le Rúnaíocht an Choimisiúin ag [info@sipo.ie](mailto:info@sipo.ie).
- 10.2. Déanfar tuarascálacha faisnéise a admháil agus a athbhreithniú. Féadfaidh tuarascálacha den sórt sin a bheith mar chuid de bhreithniú an Choimisiúin i dtaobh an bhfeidhmeoidh sé a chumhachtaí faoin Acht.
- 10.3. Ní dhéanann an tAcht foráil do mheicníocht gearáin maidir le sárú féideartha ar an Acht. Ní sholáthrófar toradh bhreithnithe an Choimisiúin do thuairisceoirí faisnéise.
- 10.4. I gcás ina bhfuil sárú déanta ag duine sonraithe de réir bhrí alt 4 den Acht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí 2001, féadfaidh duine gearán a chur faoi bhráid an Choimisiúin faoin Acht um Eitic in Oifigí Poiblí 1995 agus faoin Acht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí 2001 agus déileálfar leis de réir phróiseas gearán an Choimisiúin, atá ar fáil [anseo](#).

## 11.Mínithe

Ciallaíonn **tríú páirtí** aon duine aonair nó grúpa, seachas páirtí polaitíochta atá cláraithe i gClár na bPáirtithe Polaitíochta faoi Chaibidil 6 de Chuid 2 den Acht um Athchóiriú Toghcháin 2022, nó iarrthóir toghcháin, a ghlacann i mbliain féilire ar leith, síntiús chun críocha polaitíochta ar mó a luach ná €100.

Áirítear le **duine** duine aonair, comhlacht corpraithe agus comhlacht neamhchorpraithe daoine. Meastar gur duine amháin comhlacht corpraithe agus aon fhochuideachta de.

Sainmhínítear **síntiúsóir corparáideach** mar a n-áirítear na nithe seo a leanas:

- comhlacht corpraithe;
- comhlacht neamhchorpraithe daoine; nó
- iontaobhas,

a dhéanann síntiús. Meastar gur duine amháin comhlacht corpraithe agus aon fhochuideachta de. Le haghaidh tuilleadh faisnéise, déan tagairt le do thoil do na Treoirínte do Chlár na nDeontóirí Corparáideacha ag [www.sipo.ie](http://www.sipo.ie)

Ciallaíonn **síntiús** aon ranníocaíocht a thugann aon duine laistigh nó lasmuigh den Stát chun críocha polaitíochta (lena n-áirítear fo-eagraíocht a bhfuil oifig aige lasmuigh den Stát), agus lena n-áirítear gach ceann nó aon cheann díobh seo a leanas, is iad sin:

- síntiús airgid;
- síntiús maoiné nó earraí;
- saorúsáid maoiné nó earraí (i.e., ag tabhairt an chirt chun aon mhaoin nó earraí a úsáid, gan íocaíocht nó comaoin eile, ar feadh tréimhse éiginnte nó ar feadh tréimhse sonraithe ama);
- soláthar seirbhísí saor in aisce (i.e. soláthar seirbhísí gan íocaíocht nó comaoin eile ina leith);
- an difríocht idir an gnáthphraghas tráchtála agus an praghas (níos ísle) a ghearrtar as maoin nó earraí a cheannach, a fháil nó a úsáid, nó aon seirbhís a sholáthar, nuair is lú an praghas, an táille nó an chomaoin eile ná an gnáthphraghas tráchtála ( féadfaidh sé seo iasacht a sholáthraíonn institiúid airgeadais nó tríú páirtí ar théarmaí agus coinníollacha atá níos fabhraí ná mar a sholáthraíonn an institiúid airgeadais do dhaoine eile a áireamh);
- ranníocaíocht a dhéanann duine le himeacht tiomsaithe airgid a eagraítear ar mhaithe le hairgead a bhailiú ar mhaithe le TD, Seanadóir, Feisire de Pharlaimint na hEorpa, iarrthóir

ag Dáil, Seanad nó Toghchán Eorpach, iarrthóir uachtaránachta/gníomhaire toghcháin, páirtí polaitíochta, aonad cuntasáíochta páirtí polaitíochta, nó tríú páirtí. Is é an síntiús an chuid sin den ranniocaíocht, atá inchurtha i leith an ghlanbhrabúis, más ann dó, a thagann as an imeacht. Meastar síntiúis a bheith faighte ar dháta an tiomsaithe airgid iarbhír (agus ní nuair a fhaightear na cistí i ndáiríre);

- íocaíocht ag duine ar a shon féin, nó ar son duine amháin nó níos mó, de tháille nó suibscríbhinn le haghaidh ballraíochta nó ballraíochta leanúnaí de pháirtí polaitíochta (áirítear i dtáilí ballraíochta aon táille ballraíochta/tobhach/suibscríbhinn a íocadh leis aon fho-aonad de chuid páirtí polaitíochta);
- síntiús barúlach/síntiús comhchineáil. Ciallaíonn sé seo, sa chás go n-íocann duine/eagraíocht as obair/costais as a chuid acmhainní féin (i.e., ní cistí páirtí) go meastar gur síntiús de luach barúlach/costas na hoibre/costais don faighteoir é seo. Déanfar síntiúis chomhchineáil nó síntiúis bharúlacha a luacháil ag an ngnáthphraghas tráchtála a ghearrtar chun an mhaoin nó na hearraí a cheannach, a úsáid nó a fháil nó chun na seirbhísí a bronnadh a sholáthar.

Forálann an tAcht go ndéanfar aon íocaíocht, seirbhís nó saoráid a sholáthraítear do dhuine as cistí poiblí nó as airgead a sholáthraíonn institiúid de chuid an AE nó eagraíocht idir-rialtasach eile ar páirtí inti an Stát, de bhua é a bheith ina pháirtí polaitíochta, ina ghrúpa polaitíochta nó ina ghrúpa comhaltaí ar bith sa Dáil, nó ina chomhalta de, ina thoscaire nó ina ionadaí i gcomhlacht arna bhunú le nó faoi chomhaontú nó comhshocraíocht ar páirtí ann an Stát.

#### Ciallaíonn **institiúid**:

- a) sealbhóir ceadúnais faoi alt 9 d'Acht an Bhainc Ceannais 1971,
- b) cumann foirgníochta atá corpraithe nó a mheastar a bheith corpraithe faoin Acht Cumann Foirgníochta 1989, nó comhlacht atá corpraithe ar mhodh comhréire faoi dhlí aon Bhallstáit eile de na Comhphobail Eorpacha,
- c) banc taisce iontaobhais de réir bhrí an Achta um Banc Taisce Iontaobhais 1989,
- d) An Post,
- e) foras creidmheasa atá údaraithe de réir Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Ceanglais Chaipitil), 2014 (S.I. Uimh. 158 de 2014) chun gnó a dhéanamh sa Stát, nó
- f) comhar creidmheasa atá cláraithe mar chomhar creidmheasa faoin Acht um Chomhar Creidmheasa 1997.

Ciallaíonn **críocha polaitíochta** aon cheann de na críocha seo a leanas, is iad sin:

- leasanna páirtí polaitíochta, grúpa polaitíochta, comhalta de cheachtar Teach den Oireachtas nó ionadaí i bParlaimint na hEorpa a chur chun cinn nó cur i gcoinne, go díreach nó go hindíreach, nó

- beartais nó beartas ar leith páirtí polaitíochta, grúpa polaitíochta, comhalta de cheachtar Teach den Oireachtas, ionadaí i bParlaimint na hEorpa nó tríú páirtí a chur i láthair, go díreach nó go hindíreach, nó
- tuairimí páirtí polaitíochta, grúpa polaitíochta, comhalta de cheachtar Teach den Oireachtas, ionadaí de chuid an Aontais Eorpaigh a chur i láthair, go díreach nó go hindíreach
- An Pharlaimint nó tríú páirtí maidir le beartas nó beartais páirtí polaitíochta eile, grúpa polaitíochta, comhalta de cheachtar Teach den Oireachtas, ionadaí i bParlaimint na hEorpa, tríú páirtí nó iarrthóir ag toghchán nó reifreann nó eile, nó
- leasanna tríú páirtí a chur chun cinn nó cur i gcoinne, go díreach nó go hindíreach, maidir le stiúradh nó bainistiú aon fheachtais a sheoltar d'fhonn toradh ar leith a chur chun cinn nó a fháil i ndáil le polasáí nó beartais nó feidhmeanna an Rialtais nó aon údarás poiblí;
- toghadh iarrthóra i dtoghchán Dála, Seanaid, Uachtaránachta nó Eorpach a chur chun cinn nó cur i gcoinne, go díreach nó go hindíreach, nó vótaí a lorg ar son nó i gcoinne iarrthóra nó polasaithe nó beartas áirithe iarrthóra nó tuairimí an iarrthóra a chur i láthair ar aon ábhar a bhaineann leis an toghchán nó tuairimí iarrthóra maidir le beartas nó beartais páirtí polaitíochta nó grúpa polaitíochta nó iarrthóra eile sa toghchán nó eile;
- féachaint le tionchar a imirt ar thoradh an toghcháin nó reifrinn nó feachtais.

Ní mór na nithe seo a leanas a bheith ag gabháil le **síntiús ó idirghabhálaí**:

Is ionann síntiús ó Idirghabhálaí agus síntiús do pháirtí polaitíochta, do chomhalta de cheachtar Teach den Oireachtas, do ionadaí i bParlaimint na hEorpa, nó d'iarrthóir ar thoghchán Dála, Seanaid nó Eorpach ó dhuine trí dhuine eile.

- fógra go ndéantar an síntiús thar ceann duine seachas an duine a thugann an síntiús, agus
- ainm, cur síos agus seoladh poist an duine a ndéantar an síntiús thar a cheann.

Ciallaíonn **criptea-airgeadra** aon chineál airgeadra digiteach nach bhfuil rialaithe, agus i ndáil leis na teicnící criptithe a úsáidtear chun giniúint aonad airgeadra a rialáil agus aistriú airgid a fhíorú.